Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023
(OR. en)

16594/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0420(NLE)**

TRANS 589
MAR 167
AVIATION 236
ESPACE 94
RELEX 1461
EU-GNSS 21
CSC 562

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 737 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA, arna bhunú faoin gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA), den pháirt eile, maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 737 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 737 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2023
COM(2023) 737 final

2023/0420 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA, arna bhunú faoin gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA), den pháirt eile, maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA ('an Comhchoiste') arna bhunú faoin gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA), den pháirt eile, maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta ('an Comhaontú') i ndáil le glacadh rialacha nós imeachta an Chomhchoiste atá beartaithe.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is é is aidhm don chomhaontú um chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA) maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA chun leasa na heitlíochta sibhialta ('an Comhaontú') loingseoireacht satailíte a fhorbairt agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthar i réimse inniúlachta ASECNA chun tairbhe na heitlíochta sibhialta trína chur ar a chumas tairbhe a bhaint as na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Samhain 2018.

Bunaíodh leis an gComhaontú Coiste GNSS AE/ASECNA ('an Comhchoiste') atá freagrach as an mbainistiú agus as an gcur chun feidhme cuí. Chuige sin, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a dhéanamh laistigh de na creataí dá bhforáiltear sa Chomhaontú nó moltaí a dhéanamh maidir le hábhair nach bhfuil aon chumhacht cinnteoireachta aige ina leith. Ní mór don Chomhchoiste a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Foráiltear le hAirteagal 29(1) den Chomhaontú go nglacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta ina mbeidh, *inter alia*, forálacha maidir le cruinnithe a thionól, an cathaoirleach a cheapadh agus sainmhíniú ar shainordú an chathaoirligh. Is toradh iad na Dréacht-Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal leis seo ar an gcaibidlíocht le ASECNA.

I bhfianaise na caibidlíochta sin, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gComhairle an cinneadh a ghlacadh maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste i ndáil lena rialacha nós imeachta.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a

fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a cuireadh ar bun le Comhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA) maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 29 den Chomhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA).

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus gan an ceann eile ina aidhm nó ina chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis na gréasáin thras-Eorpacha, go háirithe na gréasáin sin le haghaidh loingseoireachta satailíte agus go háirithe bunú agus oibriú chóras SBAS-ASECNA, bunaithe ar theicneolaíocht chóras EGNOS, agus úsáid an chórais a bunaíodh faoi chlár Galileo san Afraic.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 171, an tríú fomhír, CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 171, an tríú fomhír, ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2023/0420 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA, arna bhunú faoin gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA), den pháirt eile, maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 171, an tríú fomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA), den pháirt eile, maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta, tá feidhm leis ón 1 Samhain 2018.

(2) Le hAirteagal 29 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste, dá ngairtear 'Coiste GNSS AE/ASECNA' (dá ngairtear'an Comhchoiste' anseo feasta), agus foráiltear go mbunóidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta.

(3) Glacfaidh an Comhchoiste ag a chruinniú an [dáta le cinneadh] a rialacha nós imeachta maidir le, *inter alia*, na rialacha mionsonraithe chun a chruinnithe a thionól, cathaoirleach a cheapadh, téarmaí tagartha an chathaoirligh a shainiú agus teagmhálacha idir na Páirtithe.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

(5) Chun feidhmiú cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, is gá don Chomhchoiste a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, seasamh an Aontais a bhunú maidir leis na rialacha nós imeachta atá le glacadh ag an gComhchoiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh de Choiste GNSS AE/ASECNA arna bhunú leis an gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta san Afraic agus i Madagascar (ASECNA) maidir le forbairt na loingseoireachta satailíte agus soláthar

seirbhísí gaolmhara i réimse inniúlachta ASECNA ar mhaithe leis an eitlíocht shibhialta a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste sin a ghlacadh, bunófar é ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Ní fhéadfaidh ionadaithe an Aontais ar an gComhchoiste ach mionathruithe ar an dréachtchinneadh a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*